Aonad Oibre Samplach 3
Céim 4 (Rang 5 & 6): Tomhais

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

| Curaclam Teanga na Bunscoile/ Sonraíocht Teanga | Curaclam Matamaitice na Bunscoile/ Sonraíocht ETIM |
|---|---|
| **TORTHAÍ FOGHLAMA - GAEILGE** Is samplaí iad na Torthaí Foghlama thíos, iad dírithe ar theanga agus ar thorthaí foghlama an cheachta seo ar leith. D`fhéadfaí iad seo a athrú ag brath ar riachtanais agus ar chumas an ranga.<br>*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart go mbeadh páistí in ann…*<br>**TF 5- Stór Focal**<br>Coimeádáin mar shampla gloine, cupán, crúiscín, cartán, sú oráiste, buidéal seampú, próca, buidéal oráiste/ cóic. áilleacht, láidreachta, eitilte, dofheicthe, tomhais<br>**TF6 - Léiriú Tuisceana**<br>50 ml, sin an difríocht, bhí an ceart agam ,úsáidfidh mé millilítir. Tarraing an líne anseo, Beidh mé/ Beimid cliste/ láidir/ ag eitilt/ dofheicthe/ álainn.<br>**TF12 - Cur síos, tuar agus machnamh**<br>Ceapaim go bhfuil 1ltr sa choimeádán, Tá an méid céanna le 500 ml ar mo chárta, Seo an ceann is airde. Cé mhéad uisce a dhoirteamar? | **Snáithe:** Tomhais<br>**Snáithaonad:** Ag tomhas<br>*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart go mbeadh páistí in ann...*<br>• teacht ar aonaid tomhais agus iad a ríomh i bhfoirm chodánach agus/nó dheachúlach chun fadhbanna praiticiúla a réiteach<br>• tomhais a fháil, a léirmhíniú agus a dhéaduchtú go trialach le beachtas ag méadú |

| Scileanna/Coincheapa le forbairt | Measúnú agus Aiseolas le linn an cheachta |
|---|---|
| **Úsáidfear na <u>Cleachtais Oideolaíochta</u> seo a leanas le linn an cheachta matamaitice. (CMB, lch 26/ Sonraíocht ETIM lch 82)**<br>·Tascanna dúshlánacha cognaíocha a úsáid.<br>·Comhrá mata a chur chun cinn.<br>·Meon táirgiúil a chothú.<br>·Spraíúlacht a spreagadh.<br>·Béim a chur ar shamhaltú matamaiticiúil.<br><br>**Le linn na n-eispéireas foghlama úsáidfidh na páistí na <u>Gnéithe</u> (CMB, lch 25/ Sonraíocht ETIM lch 81) seo a leanas:**<br>·Cumarsáid:m.sh. smaointeoireacht a shamhaltú agus a léiriú ar bhealaí éagsúla<br>·Tuiscint agus Ceangal:m.sh. idirghníomhú agus comhoibriú le piaraí<br>·Réasúnaíocht: m.sh. argóint a dhéanamh ar a son a gcuid smaointeoireachta agus í a chosaint<br>·Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna: m.sh. comparáid a dhéanamh idir smaointe, straitéisí agus cuir chuige | **Breathnóireacht an mhúinteora:** Siúil timpeall le linn an cheachta ag breathnú ar na páistí. Dírigh ar fhoghlaim an ábhair agus ar úsáid na Gaeilge.<br>**Torthaí Foghlama na Gaeilge:** An raibh na páistí in ann stór focal oiriúnach a úsáid (TF5)? An raibh na páistí in ann treoracha gearra a leanúint (TF6)? An raibh na páistí in ann cur síos, tuar agus machnamh a dhéanamh maidir leis an méid uisce i gcoimeádán (TF12)?<br>**Torthaí Foghlama Churaclam Matamaitice na Bunscoile:** An raibh na páistí in ann teacht ar aonaid tomhais agus iad a ríomh i bhfoirm chodánach agus/nó dheachúlach chun fadhbanna praiticiúla a réiteach?<br>**Ceistiúchán:** D'fhéadfaí ceisteanna a chur ar na páistí go rialta agus iad i mbun gníomhaíochtaí lena dtuiscint a mheas - ag deireadh an ranga le dul siar ar an bhfoghlaim ábhair agus teanga.<br>**Féinmheasúnú/ Piarmheasúnú:** Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.<br>**Dialann an mhúinteora:** D'fhéadfaí nótaí a choinneáil den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu.<br>**Féinmheasúnú an mhúinteora**: An raibh mé dílis don Mhatamaitic mar ábhar? An raibh béim ar ghníomhaíochtaí tomhais? An raibh mé dílis don Ghaeilge? An ndearna mé ionchur teanga oiriúnach? An raibh deiseanna fíorchumarsáide ag na páistí? |

# Aonad Oibre Samplach 3
# Céim 4 (Rang 5 & 6): Tomhais

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

**Teanga*:*** Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn gnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí mata.

| Teanga an Mhúinteora | Teanga an Mhúinteora | Teanga an Mhúinteora |
|---|---|---|
| **Teanga an Ranga (Bain úsáid as an bhfoirm uatha/iolra nuair is cuí)**<br>Abair é/Abraigí é<br>Béic/Béicigí/Scairt/Scairtigí amach é<br>Níos airde! Níos airde arís!<br>Ní chloisim thú/sibh/<br>Cad a dúirt mé?<br>An bhfuil tú/sibh réidh?<br>An dtuigeann sibh? Ordóg suas/Ordóg síos<br>Ar aghaidh libh!<br><br>**Teanga na nGníomhaíochtaí**<br>***Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 1):***<br>Millilítear – glacann an gloine seo 200ml.<br>Millilítear – glacann an cupán seo 400ml.<br>Millilítear – glacann an buidéal seo 750ml.<br>Tá míle millilítear i lítear amháin. Conas a dhéanfaidh mé é seo a thomhas - millilítir nó lítir?<br>Lítear - seo lítear. Seo crúiscín a ghlacann lítear amháin.<br>An bhfuil sibh in ann bhur gcártaí a chur in ord ón méid is lú go dtí an méid is mó? Bain triail as!<br>500ml, ½ L, 0.5L – seas suas má tá méid níos lú ar do chárta!<br>500ml, ½ L, 0.5L – seas suas má tá an méid céanna ar do chárta! | ***Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 1) (ar lean):***<br>An leath seo den rang – seasaigí in ord ón méid is lú go dtí an méid is mó!<br>An bhfuil na páistí seo ag seasamh in ord ón méid is lú go dtí<br><br>Íseal – seo an ceann is ísle<br>Ard – seo an ceann is airde<br>Leathan – seo an ceann is leithne<br>Caol - seo an ceann is caoile<br>Tanaí – seo an ceann is tanaí<br>Ramhar – seo ann ceann is raimhre<br>2L, 1½L, 800ml, 500ml, 330ml – 2L seo an ceann leis an méid is mó leachta.<br>150ml, 400ml, 750ml, 2L, 2L750ml – 150ml seo an ceann leis an méid is lú leachta.<br><br>Déanaigí meastachán – cad a cheapann sibh?<br>Cuirfidh mé na coimeádáin in ord – an ceann is ísle go dtí an ceann is airde. | ***Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 1) (ar lean):***<br><br>Cuirfidh mé na coimeádáin in ord – an ceann is airde go dtí an ceann is ísle<br>Cuirfidh mé na coimeádáin in ord – an ceann is caoile go dtí an ceann is leithne<br>Pioc cúig/sé coimeádáin don ghrúpa<br>Cuirigí na coimeádáin in ord ón gceann is ísle go dtí an ceann is airde<br><br>Cén coimeádán a ghlacann an méid is mó/lú leachta meas sibh?<br>Cé mhéad lítear/millilítear atá sna buidéil/coimeádáin meas sibh? 50ml? 250ml? 500ml?<br>Scríobhaigí síos bhur meastacháin!<br>Bainigí na clúdaigh de na buidéil/coimeádáin agus scríobhaigí síos an méid leachta atá i ngach ceann.<br>Cad é an difríocht? Oibrígí amach an difríocht lena chéile!<br>An é an coimeádán is airde an ceann leis an méid is mó leachta? |

# Aonad Oibre Samplach 3
# Céim 4 (Rang 5 & 6): Tomhais

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

**Teanga***:* Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn gnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí mata.

| Teanga an Mhúinteora | Teanga an Mhúinteora |
|---|---|
| ***Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 2A)***<br>Féachaigí ar na coimeádáin.<br>Cuirigí in ord iad ón gceann leis an méid is lú leachta go dtí an ceann leis an méid is mó leachta.<br>Cé mhéad ml/L a ghlacann gach coimeádán?<br>Scríobhaigí síos bhur meastacháin.<br>Líonaigí an m.sh. próca le huisce.<br>Doirtigí an t-uisce isteach sa chrúiscín tomhais.<br>Déanaigí an méid uisce a thomhas – cé mhéad ml/L a bhí sa phróca?<br>Scríobhaigí síos an méid ceart anois.<br>Cad é an difríocht?<br>Cé a raibh an meastachán is gaire acu?<br>An raibh an t-ord i gceart ag an ngrúpa?<br><br>***Príomhghníomaíocht Mhatamaitice (Cuid 2B)***<br>An bhfuil na coimeádáin chéanna ag gach grúpa?<br>Tarraing líne áit éigin ar thaobh gach coimeádán!<br>Doirt uisce sa choimeádán suas go dtí an líne a tharraing tú leis an marcóir.<br>Cé mhéad uisce atá sa choimeádán anois meas tú?<br>Scríobh do mheastachán ar an ngreille.<br>An mbeidh ml nó L in úsáid agat?<br>Anois doirt an t-uisce ón gcoimeádán isteach sa chrúiscín tomhais.<br>Cad é an tomhas cruinn?<br>Scríobh an tomhas cruinn ar an greille. Cad é an difríocht idir an tomhas cruinn agus do mheastachán? | ***Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 3)***<br>Draoithe – Is draoithe sibh.<br>deoch eitilte, beidh tú in ann eitilt,<br>Comhábhair – Miwadi, Ribena, dathúchán bia agus uisce – seo hiad na comhábhair.<br>Caithfidh an deoch draíochta a bheith 600ml<br>Conas a dhéanfaidh mé 600ml<br>An úsáidfidh mé 50ml Miwadi, 100ml Ribena, 200ml uisce gorm srl?<br>An bhfuil 600ml agam anois?<br>An bhfuil bealach eile chun 600ml a dhéanamh? Déanfaidh sibh deoch draíochta in bhur ngrúpaí anois.<br>Scríobhaigí síos gach comhábhar a úsáidfidh bhur ngrúpa. Scríobhaigí síos cé mhéad millilítear a bheidh i ngach comhábhar.<br>Tabhair ainm don deoch a rinne bhur ngrúpa.<br>Baileoidh grúpa amháin ag an am na comhábhair le cur sna báisíní.<br>Cuirigí na comhábhair sna báisíní go cúramach.<br>Ar mhaith libh na huimhreacha a scríobh mar chodáin de lítear?<br>An mhaith libh uimhreacha deachúlacha a úsáid? |

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

**Teanga*:*** Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn gnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí mata.

| Teanga na bPáistí | Teanga na bPáistí | Teanga na bPáistí |
|---|---|---|
| ***Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 1):***<br><br>D'úsáid mé millilítear, lítear.<br>Cé mhéad millilítear/lítear atá ar do chárta?<br>An bhfuil siad in ord ón méid is lú go dtí an méid is mó?<br>Tá siad in ord.<br>Tá an méid is mó ar do chárta – seas ag an deireadh!<br><br>Seo an ceann is ísle.<br>Seo an ceann is airde.<br>Seo an ceann is leithne.<br>Seo an ceann is caoile/ is tanaí/ is raimhre.<br>Glacann an coimeádán seo an méid is lú/mó leachta.<br>Ceapaim go bhfuil 250ml, 500ml, 1L sa choimeádán.<br>50ml, 300ml, 450ml – sin an difríocht! | ***Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 2A):***<br><br>Glacann an .............. an méid is lú uisce.<br>Glacann an ........... an méid is mó uisce.<br>An bhfuil siad san ord ceart anois?<br>Tá/Níl siad san ord ceart.<br>100ml - Sin mo mheastachán.<br>150ml – Sin an méid ceart.<br>50ml – Sin an difríocht.<br>Bhí an ceart agam/againn.<br><br>***Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 2B):***<br>Tá cúig choimeádán againn.<br>An bhfuil siad mar an gcéanna le gach grúpa eile?<br>Seo an marcóir. Tarraing an líne anseo. Tarraingeoidh mé an líne ar an gcoimeádán seo.<br>Cé mhéad uisce a ghlacfaidh sé suas go dtí an líne?<br>Cad a cheapann tú/sibh? | ***Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 3):***<br><br>Cad a dhéanfaimid?<br>Conas a dhéanfaimid 600ml?<br>Cén comhábhair a úsáidfimid?<br>50ml agus 150ml agus 240ml agus 60ml agus 25ml agus 75 ml– sin 600ml.<br>Tá an ceart agat/ Níl an ceart agat/ Sin ceart/ Sin mícheart<br>Bailigh/baileoimid na comhábhair anois. Cuirfimid 50ml/100ml/60ml/40ml/250ml sa bháisin anois.<br>Scríobhfaimid mar uimhreacha deachúlacha/ mar chodáin iad! |

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.

## Luathchumarsáid agus Réamhghniomhaiocht

**Réamh-mhúineadh na teanga**

- Ar shleamhnáin 5 go 15 tá sraith de ghníomhaíochtaí féidearthachta do cheachtanna Gaeilge chun na páistí a ullmhú don cheacht Mata.
- Is biachlár é seo. Pioc na gníomhaíochtaí a oireann do do chomhthéacs ranga féin.
- Cluichí Comhairimh- Cluiche- Ag Comhaireamh mar Chór (S5), Fizz Buzz as Gaeilge (Sl.6)
- Aimsigh na Patrúin- ag díriú ar na bunuimhreacha roimh 'l' (Sl.8 & 9)
- Cluichí/Smaointe chun na focail próca, buidéal, cartán, deoch iógairt, próca iógairt a mhúineadh (Sl. 10 & 11)
- Cluichí/Smaointe éagsúla chun breischéim na haidiachta a réamh-mhúineadh (Sl.12-15)

## Cumarsáid agus Gníomhaíocht

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 1) -**

- Tá cártaí le tomhas (toilleadh) leachta idir 0-2 lítear ag an múinteoir. Is féidir an méid leachta a ghlacann siad a scríobh ar bhealaí éagsúla: slánuimhir, codán nó deachúlach. Beidh cárta ag teastáil do gach páiste sa rang.
- Déanfaidh an múinteoir múnlóireacht ar an gclár bán agus roinnt cártaí a chur in ord ón gceann is lú go dtí an ceann is mó. Beidh ar an múinteoir smaoineamh os ard le linn na múnlóireachta. Is féidir leis an múinteoir deis a thabhairt do roinnt páistí na cártaí a chur in ord os comhair an ranga.
- I ngrúpaí, is féidir leis na páistí a gcártaí féin a chur in ord. Iarr ar ghrúpa amháin a gcártaí a léiriú os comhair an ranga. Ansin, is féidir cluiche a imirt leis an rang ar fad. Déan cinnte go bhfuil cárta ag gach páiste. Scríobhfaidh an múinteoir méid leachta ar an gclár bán ar nós 500ml. Cuir ceist ar na páistí seasamh suas má tá méid níos lú acu.
- Níos déanaí, cuir ceist ar na páistí seasamh má tá méid níos mó acu agus ar deireadh má tá an méid céanna acu. Ar deireadh is féidir le leath den rang seasamh agus iad féin a chur i líne in ord a léiríonn an méid is lú go dtí an méid is mó (lítir/millilítir). Iarr ar an leath eile den rang seasamh i líne in ord a léiríonn an méid is mó go dtí an méid is lú (lítir/millilítir).
- Beidh cúig nó sé choimeádán folmha ag teastáil ó gach grúpa m.sh: buidéal seampú, cartán sú oráiste, próca, buidéal oráiste/cóic srl. Déan an méid a ghlacann gach buidéal a chlúdach. Cuir na páistí i ngrúpaí de cheathrar nó de chúigear. Tabhair rogha buidéal folaimh do gach grúpa
- Pléigh na bealaí gur féidir leat na buidéil a chur in ord. An ceann is ísle go dtí an ceann is airde, an ceann is leithne go dtí an ceann is caoile (an ceann is tanaí go dtí an ceann is raimhre). Tabhair deis do na páistí iad a chur in ord ón gceann is ísle go dtí an ceann is airde, an ceann is leithne go dtí an ceann is caoile (an ceann is tanaí go dtí an ceann is raimhre). Iarr ar na páistí meastacháin a dhéanamh cé ag a bhfuil an buidéal leis an méid is mó leachta. Is féidir leis na páistí iad a chur in ord de réir an méid leachta a ghlacann na buidéil.
- Anois tabhair deis do na páistí meastachán a dhéanamh ar an méid millilítir nó lítir atá sna buidéil chéanna m.sh. 200ml, 800ml nó 2L. Is féidir leo na meastacháin a scríobh síos. Ansin, lig dóibh na clúdaigh a bhaint de na buidéil agus na meastacháin a chur i gcomparáid leis an lipéad. Is féidir a gcuid torthaí a chur i láthair ar ghreille. Iarr ar na páistí plé a dhéanamh ag an deireadh.

**(Gnéithe: Cumarsáid/Tuiscint agus Ceangail)**

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

## Cumarsáid agus Gníomhaíocht

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice 2**

**Téamh Suas:** Mar intreoir/spreagadh don dara cheacht Mhata déanfaidh na páistí buille faoi thuairim maidir le cé mhéad lítear de chaife atá sa chupán caife is mó a rinneadh riamh, de réir an Guinness Book of Records.

**Príomhghníomhaíocht 2A**

Beidh 5 nó 6 choimeádán éagsúla ag teastáil do gach grúpa, (próca, buidéal, cartán, deoch iógairt, próca iógairt). Déan an lipéad leis an méid leachta a ghlacann an coimeádán a chlúdach. Roinn na páistí i ngrúpaí. Tabhair crúiscín tomhais agus báisín uisce do gach grúpa. Tabhair coimeádáin éagsúla do na grúpaí.

Abair leo iad a chur i gcomparáid lena chéile. Is féidir le gach páiste meastachán a dhéanamh orthu faoin méid ml a ghlacann siad. Ansin is féidir iad a chur i líne in ord ón gceann leis an toilleadh is lú go dtí an ceann leis an toilleadh is mó. Abair leo na meastacháin a bhreacadh síos ar ghreille ar dtús.

Ag tosú le coimeádán amháin, lig do na páistí an coimeádán sin a líonadh le huisce. Ansin, is féidir leo an t-uisce a dhoirteadh isteach sa chrúiscín tomhais agus an méid leachta a thomhas go cruinn. Iarr orthu an toilleadh ceart a bhreacadh síos sa ghreille in aice leis an meastachán. Tabhair deis do na páistí labhairt faoi na meastacháin agus an toilleadh. Cé acu a bhí an meastachán is gaire? An raibh an t-ord i gceart acu? **(Gnéithe: Cumarsáid/Tuiscint agus Ceangail/Réasúnaíocht)**

**Príomhghníomhaíocht 2B**

Beidh 5 nó 6 choimeádán éagsúla ag teastáil ó gach grúpa, (próca, buidéal, cartán, deoch iógairt, próca iógairt). Tabhair na coimeádáin chéanna do gach grúpa. Déan an lipéad leis an méid leachta a ghlacann na coimeádáin a chlúdach. Tabhair crúiscín tomhais agus báisín uisce do gach grúpa. Bí cinnte go bhfuil an greille ó lá 3 acu.

Roinn na páistí i ngrúpaí. Tabhair na coimeádáin chéanna do gach grúpa. Abair leis na páistí coimeádáin a roghnú. Tabhair deis dóibh líne a tharraingt ar an gcoimeádán.

Iarr orthu meastachán a dhéanamh ar an méid uisce a líonfaidh an coimeádán ón mbun go dtí an líne a tharraing siad. Abair leo na meastacháin a bhreacadh síos ar ghreille.

Is féidir leis na páistí méideanna ar nós 100ml, 200ml, ½ L, 1L 750ml a úsáid. (Is féidir codáin nó deachúla a úsáid ag brath ar threoracha an mhúinteora nó mianta na bpáistí).

Iarr ar na páistí an coimeádán a líonadh go dtí an líne a tharraing siad leis an uisce ón mbáisín. Ansin iarr orthu an t-uisce a dhoirteadh isteach sa chrúiscín tomhais chun tomhas cruinn a dhéanamh. Beidh na daltaí in ann comparáid a dhéanamh idir na meastacháin agus an tomhas cruinn. **(Gnéithe: Cumarsáid/Tuiscint agus Ceangail/Réasúnaíocht)**

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

## Cumarsáid agus Gníomhaíocht

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 3) - Deoch Draíochta (Míniú Breise ag an nasc seo)**

San eispéireas foghlama oscailte seo, iarrtar ar na foghlaimeoirí cuidiú le Wizard Wolgast deoch eitilte nua a chruthú, ach critéir faoi leith a chomhlíonadh. Déanann na foghlaimeoirí iniúchadh ar chainníochtaí éagsúla comhábhar agus iad a thriail chun na critéir atá leagtha amach san fhadhb a chomhlíonadh. Caithfidh 6 chomhábhar éagsúla a bheith sa deoch agus ní cheadaítear deoch thar 600ml. Má tá 100 ml i gceann de na comhábhair sin, pléascfaidh an deoch. Má úsáideann sé níos mó ná 6 chomhábhar, nó mura bhfuil an t-iomlán cothrom le 600ml pléascfaidh sé. Ansin, cruthaíonn siad samhail chun a gconaire réitigh a léiriú agus a roinnt.

Chun an tasc seo a dhéanamh níos gníomhaí is féidir comhábhair ildaite a úsáid m.sh Miwadi, Ribena, uisce, dathúchán bia. Déan braonta de na comhábhair seo a mheascadh le huisce ionas go mbeidh leachtanna de dhathanna difriúla ullmhaithe roimh ré. Tabhair báisín do gach grúpa. Cuir na daltaí ag obair mar dhraoithe agus é mar chúram orthu deoch draíochta a chruthú le haghaidh na gníomhaíochta seo. Is féidir critéir níos casta a thabhairt do ghrúpaí éagsúla má tá dúshlán breise de dhíth (úsáid codáin de lítear, uimhreacha deachúlacha, ná úsáid raon ré-uimhir srl.).

**(Gnéithe: Cumarsáid/Tuiscint agus Ceangal/Réasúnaíocht/Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna)**

## Iarchumarsáid agus Iarghníomhaíocht

Úsáid Gaeilge Laethúil mar Mhúnlóireacht ar an teanga nua go rialta tríd an lá.

**Féinmheasúnú an pháiste** (Sleamhnán 29) Iarr ar na páistí an leathanach féinmheasúnaithe a líonadh isteach maidir le hAonad Oibre Samplach 3. Cuir ciorcal thart timpeall ar an aghaidh cuí chun do thuiscint a léiriú agus breac síos focail nó frásaí nua a d'fhoghlaim tú.

**Iarghníomhaíocht Mhata**: **Tráth na gCeist Kahoot** maidir le Toilleadh (Sleamhnán 30)

**Iarchumarsáid don Ghaeilge**: Síneadh agus Aistriú Scileanna (Sleamhnán 31): Smaointe a bhaineann le hAistriú Scileanna agus an t-eolas faoi bhreischéim na haidiachta a shíneadh amach go comhthéacsanna eile.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

| Aiseolas Ceartaitheach |
| --- |
| Bainfidh na daltaí úsáid as Gaeilge agus Béarla le linn an cheachta. Tá úsáid an Bhéarla nádúrtha, ach le tacú le teanga na ndaltaí a fhorbairt bain úsáid as leideanna, athrá agus múnlóireacht chun na daltaí a chur i dtreo na Gaeilge. Tuilleadh sonraí ar fáil anseo: https://oide.ie/wp-content/uploads/2023/10/Aiseolas-Ceartaitheach-i-gComhtheacs-an-Tumoideachais.pdf |

| Trealamh | Tagairtí |
| --- | --- |
| • Cur i láthair PowerPoint d'Aonad Oibre Samplach 3<br>• Teilifís chliste/osteiligeoir le callairí (speakers)<br>• cúig nó sé choimeádán folmha ag teastáil ó gach grúpa m.sh: buidéal seampú, cartán sú oráiste, próca, buidéal oráiste/cóic srl.<br>• crúiscín tomhais agus báisín uisce do gach grúpa | • Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum (2019)/ Sonraíocht Teanga (2025)<br>• Curaclam Matamaitice na Bunscoile/ Primary Mathematics Curriculum (2023)/ Sonraíocht ETIM (2025)<br>• Nasc don Ríomhfhoclóir Matamaitice: https://www.rewardinglearning.org.uk/focloirmata/Default.aspx<br>• Mol Churaclam matamaitice na Bunscoile Oide: https://pmc.oide.ie/ga/ |

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

| **Nótaí an Mhúinteora:** D’fhéadfá nótaí a choinneail den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise de dhíth orthu ó thaobh na teanga de nó an chorpoideachais de. Nó breac nótaí breise síos maidir le hoiriúnacht an cheachta. |
| --- |
| |